Fíricí Suimiúla do Dhaltaí Sóisearacha Bunscoile

Báisteach

Conas a dhéantar báisteach?

Nuair a bhíonn an ghrian ag taitneamh, téann sé an t-uisce ó na haibhneacha agus ó na farraigí.	
Athraíonn an t-uisce go gal-uisce. Éiríonn an gal-uisce seo suas sa spéir.	
Éiríonn an gal-uisce seo fuar agus athraíonn go braonacha beaga agus ansin athraíonn go scamaill.	
Nuair atá iomarca braonacha uisce i scamall, titeann na braonacha go dtí an talamh mar bháisteach.	

Tuilte

Tarlaíonn tuilte nuair a thiteann báisteach throm i dtréimhse ghearr.

Is féidir le haibhneacha briseadh amach thar a mbruacha, agus a lán damáiste a dhéanamh d'fhoirgnimh.

Bogha Báistí

Cruthaítear bogha báistí nuair a bhíonn an ghrian ag taitneamh trí bhraonacha beaga uisce san aer.

Bristear solas na gréine suas i seacht ndath.

Na dathanna sin ná dearg, oráiste, buí, glas, gorm indeagó agus corcairghorm.

Go minic feictear bogha báistí nuair a bhíonn cith gréine ann.